NS SHARE
(Acmhainní Uisciúla Roinnte Thuaidh Theas)

Ag Cosaint agus ag Feabhsú na Timpeallachta Uisciúila

Maoinithe ag Clár INTERREG IIIA
d'Éirinn agus Tuaisceart Éireann

INTERREG IIIA

Is léire tábhacht uisce don bheatha…

….agus forbairt inbhuanaithe anois ná riamh. Samhlaigh mar a bhéadh an saol agat in éagmais leorsholáthar uisce ghlain. De réir mar a mhéadaíonn éileamh ar uisce faoi choinne úsáidí tís, tionsclaíochta agus chaitheamh aimsire, ní mór é a chosaint le leorsholáthar uisce ghlain a chinntiú dúinn uile agus don fiadhúlra agus gnáthóga éagsúla a bhraitheann air.

An Chreat Treoir Uisce (CTU)

Mar fhreagra ar mhéadú sa bhagairt truaillithe agus san éileamh d'aibhneacha, locha agus mara glana, tá an-athchóiriú déanta ar pholasaí agus reachtaíocht uisce an AE. Tugadh isteach Treoir inár leagadh amach creat nua do ghníomhaíocht an Chomhphobail sa réimse pholasaí uisce (2000/60/EC) i Nollaig 2000. Cuireann an Treoir, a dtugtar an Creat Treoir Uisce (CTU) uirthi go hiondúil, cóir ar an reachtaíocht uisce a bhí ann cheana.

Rud uathúil is ea an Treoir seo sa mhéad, den chéad uair riamh, go mbunaíonn sé creat do chosaint uisce de gach saghas, aibhneacha, locha, inbhir, farraigí cois chósta agus uisce talún san áireamh, maille le fiadúlra/gnáthóga atá ag brath orthu, faoi phíosa amháin reachtaíocht timpeallachta. Aithníonn an Treoir fosta nach gcloíonn córais uisce le teorainneacha riaracháin, a leithéid teorainneacha contaetha ná idirnáisiúnta agus éilítear go mbainisteofar uiscí ag leibhéal abhantraí nó Ceantar Abhantraí (CA). Go sainiúil tá d'aidhm ag an CTU:

- Gach saghas uisce (dromchla, talún agus cois chósta) a chosaint / fheabhsú;
- "Stádas maith" a bhaint amach d'uiscí uile um Nollaig 2015;
- Aonaid uisce a bhainistiú ar bhonn abhantrach;
- Dul i gcomhairle leis an bpobal;
- Slacht a chur ar reachtaíocht.

Rud lárnach don CTU is ea bainistiú acmhainní uisce bunaithe ar cheantair abhantraí. Tá an tír roinnte in Ocht gCeantar Abhantraí ag na húdaráis inniúla cheana féin. Réiteofar Plean Bhainistíocht Abhantraí ar leith do gach CA.

Limistéar Staidéir NS SHARE

Tionscnamh trasteorann é NS SHARE atá urraithe ag Clár INTERREG IIIA d'Éirinn agus Tuaisceart Éireann. Tá trí cheantar abhantraí i dTionscnamh NS SHARE.

1. Ceantar Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt (CAI IT);
2. Ceantar Abhantraí Idirnáisiúnta nEathach Banna (CAI nEB);
3. Ceantar Abhantraí an Oirthuaiscirt (CA OT)

Ainmníodh an t-Iarthuaisceart agus nEathach Banna mar Ceantair Abhantraí Idirnáisiúnta as siocair a n-uiscí bheith roinnte idir Phoblacht na hÉireann (PÉ) agus Tuaisceart Éireann (TÉ). Tá CA an Oirthuaiscirt go hiomlán taobh istigh de Thuaisceart Éireann.

Tá limistéar uile staidéir NS SHARE de 27,000 ciliméadair chearnacha cothrom le ¼ chuid d'achar talún oileán na hÉireann. Is iad an Fheabhail, an Éirne, an Lagán agus nEathach-Banna na príomh-abhantracha i limistéar staidéir NS SHARE.

Déanfar plean bainistíochta a réiteach ina bhfuil clár beart do gach aon CA i limistéar NS SHARE, le sprioc-canna an CTU a ghnóthú laistigh d'am áirithe.

Tionscnamh NS SHARE

Is é bunsprioc an tionscnaimh ná cumas mhonatóireacht timpeallachta trasréigiúnda a neartú chomh maith le bainistiú ag leibhéal an cheantar abhantraí; tuiscint agus rannpháirtíocht an phobail i gcúrsaí uisce a fheabhsú; agus an timpeallacht uisciúil agus na héiceachórais a bhraitheann uirthi a chosaint agus a fheabhsú .



Gléas is ea Tionscnamh Abhantraí NS Share le spriocanna an CTU a chur i gcrích taobh istigh de cheantair Abhantraí NS Share idir Mí Iúil 2004 agus Márta 2008.

Seo a leanas liosta cuimsitheach na gcúraimí atá leagtha amach le spriocanna an CTU a ghnóthú trí thionscnamh NS SHARE:

1 Córais éiceolaíocha a fhorbairt le caighdeán

uisce a rangú;

2 Bealach a cheapadh l' Aonaid Uisce Rí-athraithe (AURA) agus Aonaid Uisce Saorga (AUS) a shainiú; agus uas-acmhainn éiceolaíoch a shonrú;

3 Liosta ábhar úrchóideacha iomchuí a sholáthar agus moltaí i leith Caighdeáin Cháilíochta Timpeallachta (EQS) don liosta ionchasach a dhéanamh. Cumas ainilíse na nÁisíneachtaí Iomchuí a mheas;

4 Sonrú Tosaigh den Limistéar Staidéir;

5 Clár Ceantar Cosanta a réiteach;

6 Measúnú ar brúnna agus tionchair a réiteach le fáil amach conas mar atá gníomhaíochtaí daonna ag cur ghnóthú spriocanna éiceolaíocha an CTU i mbaol;

7 Ainilís Eacnamaíochta ar úsáid uisce;

8 Córas bhainistiú sonraí agus Córas Eolais Gheografaígh (GIS) a sholáthar;

9 "Tuairisc Sonraíochta" ag leagan amach na hoibre a rinneadh faoi tasc 4 "Sonrú Tosaigh den Limistéar Staidéir" a sholáthar;

10 Riachtanais mhonatóireachta a mheas;

11 Sonrú breise agus saincheisteanna bhainistíochta uisce a aithint;

12 Clár beart a fhorbairt;

13 Straitéis Bainistíochta Cheantar Abhantraí a ullmhú;

14 Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara;

15 Tuairiscí clóite agus leictreonacha a sholáthar do riachtanais chuí an tionscnaimh;

16 Acmhainn na n-áisíneachtaí rannpháirteacha a fhorbairt i ndáil le modhanna teicniúlacha nuachumtha.

Rud lárnach do thionscnamh NS SHARE is ea comhoiriúnú modhanna/cur chuige Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann i bhfeidhmiú an CTU.

Áirítear sraith shaingníomhartha faoi tasc 1 de thionscnamh NS SHARE a mbraitheann ar ionchur ó staidéir fhorbartha agus taighde i dtograí eolaíochta. Tá gléasanna rangaithe éicceolaíocha á n-ullmhú ag na staidéir seo, a n-úsáidfidh bitheolaíocht an éiceachórais le stádas an uisce a mheas i réimse uisce.

Cuirfidh tionscnamh **NS SHARE** Córas Iomlánaithe Bainistíochta Abhantraí ar fáil do gach CA. Beidh na húdaráis chuí i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann freagrach as cur i bhfeidhm cláir na mbeart éagsúla atá dírithe ar chosaint ár n-acmhainní uisce, agus as riarachán leanúnach agus forbairt an chórais.

Rannpháirtíocht an Phobail

Tá sé ar cheann de bhunaidhmeanna an CTU saoránaigh a bheith páirteach. Tá ról tábhachtach ag grúpaí neamhrialtasacha, earnálacha leasmhara, agus an pobal i gcoitinne i bhfeidhmiú an CTU. Aithnítear é seo sa Treoir a deir go bhfuil rath an CTU ag brath ar comhar agus gníomhaíocht comhtháite ag leibhéal an Chomhphobail, na mBallstát agus go háitiúil, chomh maith le eolas, comhairle agus rannpháirtiú an phobail.

Coinneofar an pobal ar an eolas maidir leis na príomhcheisteanna a ardófar i rith an tionscnaimh le comhchomhairle díreach agus úsáid na meán, suíomhanna idirlín an tionscnaimh san áireamh.

Tá fíorchaoin fáilte roimh thuairimí ar ábhair ar bith is suim leo ó grúpaí neamhrialtasacha, grúpaí leasmhara, agus daoine aonair ach go háirithe. Má's suim leat tuairim a nochtadh ar aon ábhar iomchuí, cur chuig an dtionscnamh i scríbhinn í. Déanfar na haighneachtaí uile a mheas le linn don gCóras Bainistíochta Abhantraí a réiteach sna trí cheantar i dTionscnamh NS SHARE.

Saincheisteanna Bunúsacha

Lig an ainilís sonraíochta dúinn na gníomhaíochtaí daonna a aithint a d'fhéadfadh gníomhú spriocanna éiceolaíoch an CTU a chur i mbaol. Déanfar clár beart sonrach a fhorbairt do limistéar NS SHARE a leigheasfaidh na tionchair a bhí ag na gníomhaíochtaí seo. I measc na bpríomh-bhrúnna gur féidir tionchar a bheith acu ar stádas chaighdeán an uisce i limistéar NS SHARE áirítear:

- Séaracht Tís
- Astógáil Uisce
- Draenáil Uirbeach agus Tuaithe
- Dabhcha Séarachais
- Cleachtas feirmeoireachta agus dianfhiontair talmhaíochta
- Eisiltigh tionsclaíochta
- Foraoiseacht
- Baint móna
- Mianadóireacht
- Siamsaíocht
- Dreidireacht agus loingseoireacht

De bharr chónasc na mbrúnna éagsúla ó na gníomhaíochtaí thuas, tá athrú ar chaighdeán uiscí dromchla agus talún taobh istigh de limistéar NS SHARE, agus tá cuid mhór acu i mbaol gan stádas maith chaighdeán an uisce a bhaint amach um 2015. Cuirfidh clár na mbeart, a réiteofar faoi thionscnamh NS SHARE agus a gcuirfear i gcrích ag na húdaráis rannpháirteacha, feabhas ar stádas chaighdeán uisce dromchla agus talún araon, i gcomhréir le riachtanais an CTU.

Comhpháirtithe Tionscnaimh

Tá an tionscnamh NS SHARE maoinithe ag Clár INTERREG IIIA an AE d'Éirinn/Tuaisceart Éireann. Is iad an Roinn Timpeallachta (TÉ) agus Roinn Timpeallachta, Dúchais, agus Rialtas Áitiúil (PE) gníomhairí feidhmeannacha an tionscnaimh. Ta Comhairle Chontae Dhún na nGall ina thionscnóir ag an dtionscnamh. Cuireann an tSeirbhís Timpeallachta agus Dúchais áisíneacht den Roinn Timpeallachta, agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil tacaíocht teicniúil ar fáil.

I bPoblacht na hÉireann is iad Comhairlí Contae Dhún na nGall agus Mhuineacháin na hÚdaráis Áitiúla comhordaitheacha do CAI an IT agus CAI nEB faoi seach.

Teagmháil Linn

Le tuilleadh eolais téigh i dteagmháil le:
Dr. Tony McNally
Comheagraí Thionscnamh NS SHARE
Ephost: TMcNally@donegalcoco.ie
Idirlíon: www.nsshare.com www.nbirbd.com
www.nwirbd.com www.nerbd.com

Seoladh:

Oifig Thionscnamh NS SHARE
Ionad Gnó Chiste Fiontraíochta,
Ballyraine,
Leitir Ceanainn,
Dún na nGall.

Príomh-chomhchomhairleoirí:

RPS Consulting Engineers

In éineacht le:
Jennings O'Donovan and Partners; Compass Informatics; OCM; Coláiste na Trionóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Uladh, Cúil Raithin